European Commission

BUISÉAD AE DON TODHCHAÍ

#EuBudget #EURoad2Sibiu #FutureofEurope #SecurityUnion

13 June 2018

AN EORAIP A THÓGÁIL IONAS GO MBEIDH ATHLÉIMNEACHT INTI IN AGHAIDH NA NDÚSHLÁN SLÁNDÁLA

Ón gcéad lá amach, bhí an tslándáil ina príomhthosaíocht ag Coimisiún Juncker. Ar cheann de na cearta is bunúsaí agus is uilíche dá bhfuil ann tá an ceart atá ag duine mothú go bhfuil sé slán sábháilte agus saor ó chontúirt. Le blianta beaga anuas, is i ndéine agus in éagsúlacht atá na bagairtí slándála ag dul san Eoraip. Le himeacht ama, is mó den ghné thrasteorann atá ag roinnt leo mar bhagairtí, rud a fhágann nach féidir le Ballstáit gníomh a dhéanamh ina n aonar. Cé gurb é cúram na mBallstát na saoránaigh a chosaint, tá ról ríthábhachtach ag an Aontas Eorpach sa tacaíocht a thugann sé do dhícheall na mBallstát. Is féidir le buiséad na hEorpa tacú leis na Ballstáit agus iad ag obair le muintir na hEorpa a choinneáil sábháilte, agus le hAontas a thógáil lámh ar lámh a mbeidh athléimneacht ann in aghaidh na ndúshlán slándála atá romhainn, Aontas a bheidh níos inniúla i gcásanna géarchéime.

NÍOS MÓ NÁ DÚBAILT MAOINITHE

Is éard atá molta ag an gCoimisiún dul **thar dhúbailt an Chiste um Shlándáil Inmheánach (CSI)**, ionstraim airgeadais ríthábhachtach a thacaíonn le dícheall na mBallstát i réimse na slándála, agus a luach a ardú ó **€1 billiún** go dtí **€2.5 billiún**. Seo rud sa bhreis ar **€1.1 billiún** i gcomhair Áisínteachtaí AE atá ag obair i réimse na slándála, agus beagnach **€1.2 billiún** le díchoimisiúnú níos sábháilte a dhéanamh ar áiseanna núicléacha ó ré na Sóivéideach i dtrí Bhallstát. Beidh méadú go **€4.8 billiún** ar an maoiniú iomlán don tslándáil sa chéad buiséad fadtéarmach AE don tréimhse 2021-2027.



AN CISTE SLÁNDÁLA INMHEÁNACH (CSI) AGUS É NEARTAITHE

An tacaíocht airgeadais agus theicniúil a thugann an tAontas Eorpach do Bhallstáit atá ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin slándála, is rud é a bhfuil a chuid fiúntais léirithe aige cheana, agus is amhlaidh a dhéanfaidh sé fós le linn na chéad tréimhse buiséadaí eile. Is fearr an cruth a bheidh ar bhuiséad méadaithe an Chiste Shlándála Inmheánaí, agus beidh sé níos spriocdhírithe freisin, le friotháil ar riachtanais ár gcuid Ballstát.

CUSPÓIRÍ BEACHTA AGUS BREIS ÉIFEACHTACHTA

Má chuirtear téagar sa Chiste Slándála Inmheánaí, beidh tacaíocht ann do Bhallstáit ar bhealach níos solúbtha agus níos éifeachtaí, ionas gur féidir beart ar fónamh a dhéanamh i bpríomhréimsí slándála den chineál seo a leanas: an comhrac in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus an radacaithe; an choireacht thromchúiseach agus an choireacht eagraithe, an chibear-choireacht; agus cosaint na n íospartach. Is mar seo a leanas a áiritheofar sin:

NA PRÍOMHCHUSPÓIRÍ:

- cur leis an malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí an Aontais Eorpaigh;
- dlús a chur sna hoibríochtaí comhpháirteacha trasteorann;
- neartú an chumais atá ann leis an gcoireacht a chomhrac agus a chosc.

COMHLEANÚNACHAS LE CISTÍ EILE AN AONTAIS:

bainistiú teorann:
- ✓ An Ciste um Thearmann agus Imirce
- ✓ an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha

Cosaint na spásanna poiblí:
- ✓ InvestEU
- ✓ Cistí an Bheartais Comhtháthaithe

An chibear-shlándáil agus cosc an radacaithe:
- ✓ Ciste Sóisialta na hEorpa+
- ✓ An Clár don Eoraip Dhigiteach

Taighde Slándála:
- ✓ Fís Eorpach

Íospartaigh na sceimhlitheoireachta a chosaint:
- ✓ An Clár um Cheartas
- ✓ An Clár um Chearta agus Luachanna

Céard a tharlóidh do na hionstraimí Póilíní CSI agus do na hionstraimí Teorainneacha agus Víosaí CSI atá ann faoi láthair?

Le deimhin a dhéanamh de gur fearr agus gur comhtháite an bainistiú a dhéanfar ar theorainneacha seachtracha an Aontais Eorpaigh, aistreofar an ionstraim Teorainneacha agus Víosaí atá ann faoi láthair ón gCiste Slándála Inmheánaí go dtí an Ciste nua um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha. Maidir leis an gCiste Slándála Inmheánaí a bheidh ann sa todhchaí, is é is sliocht don Ionstraim Póilíní atá ina chuid den Chiste Slándála Inmheánaí reatha.

SOLÚBTHACHT STRUCHTÚRACH LE FREAGAIRT DO RIACHTANAIS LE LINN NA HUAIRE

€1.25 billiún – An chéad leithdháileadh do chistí náisiúnta



€1 bhilliún – Saoráid nua théamach: Déanfar na cistí seo a leithdháileadh ó thréimhse go chéile, agus is tacaíocht a bheidh iontu do ghníomhaíochtaí de chuid na mBallstát a bhfuil sprioc faoi leith leo, agus fágfaidh siad gur féidir freagairt gan mhoill don dúshlán slándála láithreach nó don ghéarchéim láithreach;

€250 billiún – An leithdháileadh sa mheántéarma do chistí náisiúnta: In áit an maoiniú ar fad a leithdháileadh i dtús 2021, cuirfear 10 % den chiste iomlán ar fáil do Bhallstáit in 2024.

Foinse An Coimisiún Eorpach

Tabharfar suim shocraithe €5 mhilliún do gach Ballstát aon uair amháin le deimhin a dhéanamh de go mbeidh díol an ghnó ann i dtús na clárthréimhse, maille le suim eile nach ionann i ngach cás a shocrófar trí bhíthin táscaire leithdháilte de réir na gcritéar seo a leanas:



GNÍOMHAIREACHTAÍ AE I RÉIMSE NA SLÁNDÁLA

Lasmuigh den Chiste Slándála Inmheánaí, cuirfear beagnach €1.1 billiún i leataobh chun tacú le Gníomhaireachtaí AE i réimse na slándála – Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), an Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA). Chuir na Gníomhaireachtaí ról tábhachtach díobh ag tacú dóibh le dícheall na mBallstát chun muintir na hEorpa a choinneáil slán, agus is amhlaidh a dhéanfaidh siad fós le linn na chéad tréimhse buiséadaí fadtéarmaí eile.

EUROPOL emcdda CEPOL